**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0269/2023**

20.9.2023

# TUARASCÁIL

maidir le Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh a shlógadh chun cúnamh a chur ar fáil don Rómáin agus don Iodáil i ndáil le tubaistí nádúrtha in 2022 agus don Tuirc i ndáil leis na creathanna talún i mí Feabhra 2023
(COM(2023)0381 – C9-0318/2023 – 2023/0297(BUD))

An Coiste um Buiséid

Rapóirtéir: Katalin Cseh

## CLÁR

**Leathanach**

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ....................................3

IARSCRÍBHINN: CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE........................................................................................................................6

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ..........................................................................................................8

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH.....................................11

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH........12

# TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar an togra le haghaidh cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh a shlógadh chun cúnamh a chur ar fáil don Rómáin agus don Iodáil i ndáil le tubaistí nádúrtha in 2022 agus don Tuirc i ndáil leis na creathanna talún i mí Feabhra 2023**
**(COM(2023)0381 – C9-0318/2023 – 2023/0297(BUD))**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2023)381 – C9-0318/2023),

– ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 2012/2002 ón gComhairle an 11 Samhain 2002 lena mbunaítear Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh[1],

– ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027[2], agus go háirithe Airteagal 9 de,

– ag féachaint do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach[3], agus go háirithe pointe 10 de,

– ag féachaint do thuarascáil speisialta an Phainéil Idir-Rialtasaigh ar an Athrú Aeráide (IPCC) maidir le téamh domhanda faoi bhun 1.5°C, dá thuarascáil speisialta maidir leis an athrú aeráide agus talamh, agus dá thuarascáil speisialta maidir leis an aigéan agus an crióisféar in aeráid atá ag athrú,

– ag féachaint don Chomhaontú a glacadh ag an 21ú Comhdháil de chuid na bPáirtithe i gCreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide (COP21) i bPáras an 12 Nollaig 2015 (‘Comhaontú Pháras’),

– ag féachaint do rún uaithi an 18 Bealtaine 2021 maidir leis an athbhreithniú ar Chiste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh[4],

– ag féachaint do rún uaithi an 15 Nollaig 2022 maidir le creat airgeadais ilbhliantúil 2021-2027 a uas-scálú: buiséad athléimneach AE a bheidh oiriúnach do dhúshláin nua[5],

---

[1] IO L 311, 14.11.2002, lch. 3.
[2] IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 11.
[3] IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 28.
[4] IO C 15, 12.1.2022, lch. 2.
[5] IO C 177, 17.5.2023, lch. 115.

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Buiséid (A9-0269/2023),

A. de bhrí go ndearna tuilte srutha agus tulcaí difear do réigiúin láir na hIodáile idir an 15 agus an 17 Meán Fómhair 2022, arb é an toradh a bhí orthu damáistí díreacha iomlána a mheas údaráis na hIodáile a bheith ag EUR 837.56 milliún;

B. de bhrí gur bhuail triomach tromchúiseach an chuid thoir theas den Rómáin ag deireadh mhí an Mheithimh - tús mhí Iúil 2022, arb é an toradh a bhí air damáistí díreacha iomlána a mheas údaráis na Rómáine a bheith ag EUR 1.31 billiún;

C. de bhrí gur bhuail dhá mhórchrith talún de mhéid 7.8$M_w$ agus 7.5$M_w$[6] deisceart na Tuirce i réigiún Kahramanmaraş an 6 Feabhra 2023 agus gur bhuail crith talún cumhachtach eile de mhéid 6.3$M_w$ réigiún Hatay an 20 Feabhra 2023, agus, de réir an Choimisiúin, ba é EUR 78,8 billiún costas na ndamáistí díreacha iomlána mar thoradh orthu;

1. á chur in iúl go bhfuil sí ag seasamh i ndlúthpháirtíocht iomlán leis na híospartaigh uile, lena dteaghlaigh agus leis na daoine uile atá buailte ag an triomach sa Rómáin, na tuilte millteacha san Iodáil agus na creathanna talún sa Tuirc, chomh maith leis na húdaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla agus na heagraíochtaí neamhrialtasacha atá páirteach sna hiarrachtaí fóirithinte;

2. á chur in iúl gur geal léi an cinneadh mar fhoirm inbhraite agus infheicthe de dhlúthpháirtíocht an Aontais lena shaoránaigh agus leis na réigiúin sna limistéir a buaileadh sa Rómáin, san Iodáil agus sa Tuirc; á athdhearbhú a thábhachtaí atá sé na sochair nithiúla a eascraíonn as Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh (CDAE) a chur in iúl don phobal, chun muinín na saoránach as uirlisí agus cláir AE a mhéadú tuilleadh; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit dlús a chur le hiarrachtaí cumarsáide chun feabhas a chur ar fheasacht an phobail ar na hidirghabhálacha a dhéantar le maoiniú faoi CDAE;

3. á thabhairt chun suntais go bhfuil méadú ag teacht ar líon na dtubaistí nádúrtha tromchúiseacha agus millteacha san Eoraip; á chur i bhfios go láidir, mar gheall ar an athrú aeráide, go rachaidh teagmhais adhaimsire amhail na cinn a tharla sa Rómáin agus san Iodáil, a dtarlaíonn éigeandálaí mar thoradh orthu, in olcas agus i méid; á chur i bhfáth nach bhfuil in CDAE ach ionstraim leigheasach agus go n-éilíonn an t-athrú aeráide beartas coisctheach go príomha i gcomhréir le gealltanais idirnáisiúnta an Aontais agus leis an gComhaontú Glas; ag tathant ar an Aontas, dá bhrí sin, a iarrachtaí chun dul i ngleic leis an athrú aeráide san Aontas agus ar fud an domhain a neartú; á iarraidh, ina leith sin, go ndéanfaí athbhreithniú ar Rialacháin (CE) Uimh. 2012/2002 agus (AE, Euratom) 2020/2093 chun na leithdháiltí atá tiomnaithe do na Ballstáit agus dóibh siúd atá tiomnaithe do na tríú tíortha a shainaithint ar bhealach níos fearr mar gheall ar mhéid teoranta acmhainní CDAE;

4. á thabhairt chun suntais go bhfuil an Cúlchiste um Dhlúthpháirtíocht agus Cabhair Éigeandála (SEAR) ídithe go seasmhach agus dá réir sin, nach ndéanann sé a dhóthain chun iarmhairtí tubaistí nádúrtha agus de dhéanamh an duine a chúiteamh, go háirithe tubaistí a bhaineann leis an athrú aeráide; á chur i bhfáth nach leor an cistiú chun

[6] Is éard atá in $M_w$ an mhéid ar an scála seismeach 'Richter' nó ar scála méide na móiminte.

riachtanais na limistéar atá buailte ag tubaistí nádúrtha a chumhdach; á cheistiú ar leibhéal bunúsach an bhfuil CDAE curtha in oiriúint go leormhaith d'iarmhairtí an athraithe aeráide a bheidh ann amach anseo; á chur in iúl gur oth léi go bhfuil an t-uasmhéid atá ar fáil le haghaidh shlógadh CDAE i bhfad níos ísle ná an méid cabhrach a d'fhéadfaí a chumhdach; á athdhearbhú gur cheart na hacmhainní atá ar fáil do CDAE a mhéadú go suntasach mar chuid den athbhreithniú meántéarma ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil; ag tathant ar an gCoimisiún buiséad SEAR a mhéadú agus buiséad bliantúil CDAE a threisiú go suntasach ionas gur féidir leis freagairt go leormhaith do ghéarú tubaistí nádúrtha laistigh den Aontas agus tacaíocht inbhraite a sholáthar do na Ballstáit a ndéanann sé difear dóibh i bhfianaise mhéid agus atarlú na gcineálacha éigeandálaí sin, go háirithe éigeandálaí a bhaineann leis an athrú aeráide;

5. ag tathant ar an gCoimisiún samhail a chur chun cinn maidir le CDAE a shlógadh ar bhealach níos tapúla agus go tráthúil, lena n-áirítear an gcaoi a gcaitear le hiarratais, ionas go mbeidh na húdaráis ábhartha in ann aghaidh a thabhairt ar na riachtanais athchóirithe a luaithe is féidir; á mheabhrú gur cheart bronnadh, bainistiú agus cur chun feidhme dheontais CDAE a bheith chomh trédhearcach agus is féidir, agus gur gá na deontais a úsáid i gcomhréir le prionsabail na bainistíochta fónta airgeadais; á chur i bhfáth go bhfuil géarghá le cúnamh airgeadais a chur ar fáil trí CDAE chun a áirithiú go dtabharfar tacaíocht do na réigiúin atá buailte go tráthúil agus leis an cúnamh is gá a chur ar fáil do na hoibríochtaí lena mbaineann, mar a d'iarr na Ballstáit, amhail le haghaidh atógáil bonneagair, seirbhísí tarrthála, lena n-áirítear gníomhaíochtaí comhraic dóiteáin, athbhunú na limistéar talmhaíochta lena mbaineann agus soláthar uisce;

6. ag formheas an chinnidh a ghabhann leis an rún seo;

7. á threorú dá hUachtarán an cinneadh a shíniú in éineacht le hUachtarán na Comhairle agus a shocrú go ndéanfar é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*;

8. á threorú dá hUachtarán an rún seo, mar aon leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis, a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.

## IARSCRÍBHINN: CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**maidir le Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh a shlógadh chun cúnamh a chur ar fáil don Rómáin agus don Iodáil i ndáil le tubaistí nádúrtha in 2022 agus don Tuirc i ndáil leis na creathanna talún i mí Feabhra 2023**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 2012/2002 ón gComhairle an 11 Samhain 2002 lena mbunaítear Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh[1] agus go háirithe Airteagal 4(3) de,

Ag féachaint do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach[2], go háirithe pointe 10 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is é is aidhm do Chiste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh ('an Ciste') cur ar chumas an Aontais freagairt ar bhealach tapa, éifeachtúil agus solúbtha do chásanna éigeandála chun dlúthpháirtíocht a léiriú le pobail réigiún inar tharla tubaistí nádúrtha móra nó réigiúnacha nó mór-éigeandáil sláinte poiblí.

(2) Ní fhéadfaidh níos mó ná na huasteorainneacha dá dtagraítear in Airteagal 9 de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle[3] a bheith sa Chiste.

(3) An 6 Meán Fómhair 2022, chuir an Rómáin iarratas isteach chun an Ciste a shlógadh, tar éis an triomaigh i samhradh 2022.

(4) An 8 Nollaig 2022, chuir an Iodáil iarratas isteach chun an Ciste a shlógadh, tar éis na tuile i Réigiún Marche i mí Mheán Fómhair 2022.

(5) An 20 Aibreán 2023, chuir an Tuirc iarratas isteach chun an Ciste a shlógadh, tar éis na gcreathanna talún i mí Feabhra 2023.

(6) Tá na hiarratais thuasluaite i gcomhréir leis na coinníollacha i dtaca le ranníocaíocht airgeadais a sholáthar ón gCiste, mar a leagtar síos in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 2012/2002.

(7) Ba cheart dá bhrí sin an Ciste a shlógadh chun ranníocaíocht airgeadais a sholáthar don Rómáin, don Iodáil agus don Tuirc.

(8) Chun íoslaghdú a dhéanamh ar an bhfad ama a thógfaidh sé an Ciste a shlógadh, ba cheart feidhm a bheith ag an gCinneadh seo ó dháta a ghlactha,

---

1 IO L 311, 14.11.2002, lch. 3.

2 IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 28.

3 Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 11).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

I gcás bhuiséad ginearálta an Aontais don bhliain airgeadais 2023, is ina leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus íocaíochtaí i ndáil le tubaistí nádúrtha a shlógfar na méideanna seo a leanas faoi Chiste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh:

(a) soláthrófar EUR 33 895 935 don Rómáin i ndáil leis an triomach i samhradh 2022;

(b) soláthrófar EUR 20 939 095 don Iodáil i ndáil leis an tuile i Réigiún Marche i mí Mheán Fómhair 2022;

(c) soláthrófar EUR 400 000 000 don Tuirc i ndáil leis na creathanna talún i mí Feabhra 2023.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón ... [*dáta a ghlactha*][*].

Arna dhéanamh i/in/sa ...,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| An tUachtarán | An tUachtarán |

[*] An dáta le cur isteach ag an bParlaimint sula bhfoilsítear in IO é.

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Molann an Coimisiún Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh (CDAE) a shlógadh chun cúnamh airgeadais a dheonú ar mhéid iomlán EUR 454 835 030 maidir le tubaistí nádúrtha a tharla sa Rómáin agus san Iodáil in 2022 agus sa Tuirc in 2023.

**An Rómáin – mórthubaiste: triomach**

I mí an Mhárta 2022, bhuail triomach tromchúiseach an chuid thoir theas den Rómáin. Bhí tionchar diúltach ag an triomach agus ag dhá thonn teasa as a chéile ag deireadh mhí an Mheithimh - tús mhí Iúil 2022 ar bharra. Tháinig frasaíocht ródhéanach chun fásra agus strus barr a chúiteamh agus a mhaolú. Mar thoradh ar dhálaí níos fliche agus níos fuaire ag deireadh mhí Lúnasa agus tús mhí Mheán Fómhair, chúlaigh an seal te agus tirim san fhómhar. Bhí an Rómáin ar cheann de na tíortha is mó a ndearnadh falscaithe difear dóibh in 2022. Léiríonn sonraí arna meas ag an gCóras Eorpach Faisnéise maidir le Dóiteáin Foraoise (EFFIS) gur dódh thart ar 163 536 heicteár. In 2022, bhí na falscaithe sa Rómáin le fáil go príomha in dhá réigiún, limistéir thiar na tíre ina raibh foraoisí agus talamh faoi bhrat tor ar na cineálacha fásra ba mhó a ndearnadh difear dóibh, agus deilt na Danóibe in Oirthear na tíre, áit ar tharla líon mór tinte.

Is é EUR 1.31 billiún meastachán údaráis na Rómáine ar chostas an damáiste dhírigh iomláin a tháinig den tubaiste. Is mó an méid sin ná an tairseach 'mórthubaiste nádúrtha' don Rómáin arb ionann é agus 0.6 % den Ollioncam Náisiúnta (OIN), arbh é a bhí ann EUR 1 290 495 milliún in 2022. Dá bhrí sin, tá an tubaiste cáilithe mar 'mhórthubaiste nádúrtha' de réir Airteagal 2(2) den Rialachán.

**An Iodáil - tubaiste réigiúnach: tuile i Réigiún Marche**

Idir an 15 agus an 17 Meán Fómhair 2022, rinne báisteach throm difear mór do réigiúin lárnacha na hIodáile, rud a d'fhág go raibh tuilte srutha agus tulcaí ann. Go sonrach, rinne na cealla stoirme a d'fhorbair ar thaobh Umbria na nAipiníní difear do limistéar sléibhe Marche, rud a chruthaigh stoirmeacha toirní diana agus áitiúla le doimhneacht frasaíochta an-mhór an 15 Meán Fómhair. De dheasca an teagmhais mheitéareolaíoch fhoircnigh, bhí tuilte agus creimeadh ar feadh na bpríomhaibhneacha agus na n-aibhneacha tánaisteacha i gcúigí Pesaro-Urbino, Ancona, agus Macerata, agus scriosadh nó damáiste bonneagair, tuilte forleathana sa tuilemhá mar thoradh air sin, chomh maith le damáiste d'fhoirgnimh phoiblí agus phríobháideacha agus d'earraí poiblí agus príobháideacha araon. Sceith trí abhainn thar a mbruach, rud a d'fhág na limistéir máguaird faoi thuilte. 43 % den limistéar talún iomlán réigiún Marche a bhí sa limistéar foriomlán a ndearna an teagmhas meitéareolaíochta foircneach difear dó. Bhí iarmhairtí tromchúiseacha ag an teagmhas. Anuas ar na caillteanais mhóra eacnamaíocha, cailleadh 12 dhuine.

Is é EUR 837.56 milliún meastachán údaráis na hIodáile ar chostas iomlán an damáiste dhírigh a tháinig den tubaiste. 1.98 % de OTI réigiún Marche atá sa mhéid sin, rud a sháraíonn an tairseach 'tubaiste réigiúnach' is infheidhme maidir le OTI an réigiún de 1.5 % in 2022, is é sin EUR 635.88 milliún. I bhfianaise an mhéid thuas, tá an tubaiste cáilithe mar 'thubaiste nádúrtha réigiúnach'.

**An Tuirc – mórthubaiste: creathanna talún**

An 6 Feabhra 2023, bhuail dhá mhórchrith talún de mhéid 7.8$M_w$ agus 7.5$M_w$[4] deisceart na Tuirce i réigiún Kahramanmaraş (gar don teorainn le tuaisceart na Siria). Ba é an crith talún 7.8$M_w$ an 6 Feabhra an crith talún is mó sa Tuirc ó bhí crith talún Erzincan ann leis an gcumhacht chéanna in 1939, agus tá crith talún Hatay ar an dara crith talún is láidre riamh sa tír i ndiaidh chrith talún Thuaisceart Anatolia an crith talún is láidre in 1668. Mar thoradh ar na creathanna talún, cailleadh níos mó ná 50 000 duine agus rinneadh caillteanais mhóra ábhartha in 11 chúige. De réir measúnú ar an damáiste, rinneadh damáiste do bheagnach 1 mhilliún foirgneamh, ar thit thart ar 280 000 díobh nó a ndearnadh damáiste tromchúiseach dóibh. Leis na creathanna talún, rinneadh damáiste mór do bhonneagar na mbóithre, an iarnróid, na cumarsáide, an fhuinnimh, na líonraí soláthair gáis nádúrtha agus an uisce. Measadh go ndearnadh dochar do thart ar 14 mhilliún duine, nó 16 % de dhaonra na Tuirce. An 20 Feabhra 2023, bhuail crith talún cumhachtach de mhéid 6.3 $M_w$ réigiún Hatay. Bhí an t-ord seismeach mar thoradh ar éasc sciorrtha éadomhain.

Is é EUR 81.7 billiún meastachán údaráis na Tuirce ar chostas an damáiste dhírigh iomláin a tháinig den tubaiste. Ghlac an Coimisiún le EUR 78.8 billiún mar dhamáiste díreach iomlán sochreidte. Sáraíonn an méid sin tairseach ‘na mórthubaiste nádúrtha’ is infheidhme EUR 3 000 milliún le haghaidh na Tuirce i bpraghsanna 2011 arb é atá ann EUR 3 804 725 mhilliún i bpraghsanna reatha 2023. Dá bhrí sin, tá an tubaiste cáilithe mar ‘mhórthubaiste nádúrtha’ de réir Airteagal 2(2) den Rialachán.

## Conclúid

Leagadh amach an mhodheolaíocht chun an chabhair a ríomh i dTuarascáil Bhliantúil CDAE 2002-2003, agus ghlac an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa léi. Dá bhrí sin, molann an Coimisiún don údarás buiséid na méideanna seo a leanas a shlógadh le haghaidh na n-iarratas ón Rómáin agus ón Iodáil:

| **Na Ballstáit** | *Cáiliú na tubaiste* | *Damáiste díreach iomlán (EUR)* | *Tairseach i gcás tubaiste réigiúnach ( EUR)* | *Tairseach i gcás mórthubaiste (EUR)* | *2.5 % den damáiste díreach iomlán (suas leis an tairseach i gcás mórthubaistí) (EUR)* | *6 % den damáiste díreach os cionn na tairsí (EUR)* | *Méid iomlán na cabhrach atá beartaithe (EUR)* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An Rómáin - triomach | *Mórthubaiste (Airteagal 2(2))* | *1 317 721 000* | *Neamhbhainteach* | *1 290 495 000* | *32 262 375* | *1 633 560* | *33 895 935* |
| An Iodáil - tuile | *Tubaiste réigiúnach (Airteagal. 2(3))* | *837 563 818* | *635 880 000* | *Neamhbhainteach* | *20 939 095* | *Neamhbhainteach* | *20 939 095* |
| | | | | | | ***IOMLÁN*** | ***54 835 030*** |

I gcomhréir le hAirteagal 9(2) de Rialachán CAI, is é uasteorainn bhliantúil fhoriomlán SEAR EUR 1 200 000 000 i bpraghsanna 2018 nó EUR 1 324 897 000 i bpraghsanna reatha. Sonraítear in Airteagal 9(4) de Rialachán CAI go mbeidh 25 % de leithdháileadh bliantúil foriomlán SEAR (EUR 331 224 250 i bpraghsanna reatha le haghaidh 2023) ar fáil do chomhpháirteanna uile SEAR amhail ón 1 Deireadh Fómhair. Ina theannta sin, i gcomhréir le

[4] Is éard atá in $M_w$ an mhéid ar an scála seismeach ‘Richter’ nó ar scála méide na móiminte.

hAirteagal 9(4) de Rialachán CAI, is é an t-uasmhéid is féidir le CDAE a shlógadh 50 % de leithdháileadh foriomlán SEAR tar éis an 25 % thuasluaite a asbhaint.
Dá bhrí sin, is é EUR 496 836 375 an t-uasmhéid is féidir le CDAE a shlógadh ó leithdháileadh 2023 SEAR. I gcomhréir le hAirteagal 4a (4) de Rialachán CDAE, cuireadh EUR 50 000 000 isteach i mBuiséad Ginearálta 2023 cheana chun airleacain a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo a íoc.

| **An méid atá ar fáil faoi CDAE in 2023:** | |
|---|---|
| Leithdháileadh bliantúil iomlán 2023 SEAR | 1 324 897 000 |
| Leithdháileadh bliantúil SEAR 2023 atá curtha in áirithe do CDAE | 496 836 375 |
| - *An méid atá le slógadh don Rómáin agus don Iodáil* | *- 54 835 030* |
| An méid atá fágtha le slógadh (lena n-áirítear EUR 50 milliún inscríofa sa Bhuiséad i gcomhréir le hAirteagal 4a(4) de Rialachán CDAE) | 442 001 345 |

A mhéid a bhaineann leis an iarratas ón Tuirc, cuirtear i bhfeidhm an mhodheolaíocht chéanna chun cabhair CDAE a ríomh mar a leagtar amach i dTuarascáil Bhliantúil CDAE 2002-2003, agus ar ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle léi.

| | *Cáiliú na tubaiste* | *Damáiste díreach iomlán (EUR)* | *Tairseach i gcás mórthubaistí (EUR)* | *2,5 % den damáiste díreach iomlán suas go dtí an tairseach (EUR)* | *6 % den damáiste díreach os cionn na tairsí (EUR)* | *Méid an chúnaimh a d'fhéadfaí a thabhairt (EUR)* | *Méid iomlán na cabhrach atá beartaithe (EUR)* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An Tuirc - crith talún | *Mórthubaiste (Airteagal 2(2))* | *78 799 164 182* | *3 804 725 000* | *95 118 125* | *4 499 666 351* | *4 594 784 476* | ***400 000 000*** |

Le ríomh chabhair fhéideartha CDAE don Tuirc, faightear méid a sháraíonn na hinfhaighteachtaí buiséadacha ag an gcéim seo. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún CDAE a shlógadh don Tuirc i gcomhréir le méid réamh-mheasta thacaíocht CDAE laistigh de ghealltanas an Choimisiúin ag an gComhdháil Deontóirí Idirnáisiúnta an 20 Márta 2023, arb é atá ann EUR 400 milliún. Tar éis an tslógtha sin, is é EUR 42 001 345 an méid a bheidh fágtha.

***Molann an Rapóirtéir go bhformheasfaí an togra ón gCoimisiún le haghaidh cinneadh atá i gceangal leis an tuarascáil seo go gasta, ar dá bharr a dhéanfaí na méideanna thuasluaite a shlógadh go mear, mar chomhartha de dhlúthpháirtíocht Eorpach le gach Ballstát lena mbaineann. Iarrann an Rapóirtéir ar an gCoimisiún go ndéanfaí an ranníocaíocht airgeadais sin a thabhairt do na Ballstáit le práinn ar leith.***

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 20.9.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 26<br>–: 1<br>0: 2 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Rasmus Andresen, Pietro Bartolo, Olivier Chastel, David Cormand, Pascal Durand, Eider Gardiazabal Rubial, Alexandra Geese, Vlad Gheorghe, Valérie Hayer, Eero Heinäluoma, Monika Hohlmeier, Moritz Körner, Joachim Kuhs, Margarida Marques, Victor Negrescu, Dimitrios Papadimoulis, Karlo Ressler, Bogdan Rzońca, Eleni Stavrou, Nils Torvalds, Nils Ušakovs |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Anna-Michelle Asimakopoulou, Martin Hojsík, Jan Olbrycht, Grzegorz Tobiszowski |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Asim Ademov, Estrella Durá Ferrandis, Daniel Freund, Ralf Seekatz |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 26 | + |
|---|---|
| ECR | Bogdan Rzońca, Grzegorz Tobiszowski |
| PPE | Asim Ademov, Anna-Michelle Asimakopoulou, Monika Hohlmeier, Jan Olbrycht, Karlo Ressler, Ralf Seekatz |
| Renew | Olivier Chastel, Vlad Gheorghe, Valérie Hayer, Martin Hojsík, Nils Torvalds |
| S&D | Pietro Bartolo, Estrella Durá Ferrandis, Pascal Durand, Eider Gardiazabal Rubial, Eero Heinäluoma, Margarida Marques, Victor Negrescu, Nils Ušakovs |
| The Left | Dimitrios Papadimoulis |
| Verts/ALE | Rasmus Andresen, David Cormand, Daniel Freund, Alexandra Geese |

| 1 | - |
|---|---|
| Renew | Moritz Körner |

| 2 | 0 |
|---|---|
| ID | Joachim Kuhs |
| PPE | Eleni Stavrou |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh